# Seicliosta um Dhearbhú Sócmhainneachta (Foirm E1-SAP): Léigh go cúramach le do thoil

Uimhir na Cuideachta ☐☐☐☐☐☐☐

☐ 1. Tá ainmneacha agus seoltaí na stiúrthóirí a bhfuil an Dearbhú á dhéanamh acu curtha leis an Dearbhú.

☐ 2. Sa chás ina bhfuil na stiúrthóirí go léir, nó tromlach na stiúrthóirí, ag déanamh an Dearbhaithe, tá tic curtha sa bhosca cuí.

☐ 3. Gach stiúrthóir a bhfuil an Dearbhú á dhéanamh aige nó aici, tá an Dearbhú sínithe aige nó aici

☐ 4. Rinneadh ráiteas ar shócmhainní agus dliteanais na cuideachta amhail ar dháta nach luaithe ná trí mhí roimh an dáta ar an Dearbhú.

☐ 5. Tá "Tuarascáil an Duine Neamhspleách" de bhun alt 207 d'Acht na gCuideachtaí 2014 marcáilte "B" curtha i gceangal leis an Dearbhú dar dáta go cuí tar éis shíniú an Dearbhaithe, nó tá Cuid "B" den Fhoirm E1-SAP comhlánaithe.

☐ 6. Ní bheidh aon fheidhm ag an Dearbhú Sócmhainneachta mura mbeidh sé sínithe laistigh de 30 lá díreach roimh dháta rite an rúin de chuid na cuideachta maidir lena foirceannadh. Tabhair faoi deara gurb é dáta éifeachtach Dearbhaithe Sócmhainneachta an dáta ar a síneoidh na stiúrthóirí an Dearbhú.

☐ 7. Má tá an dearbhú déanta agus an rún um fhoirceannadh rite ar an lá céanna, cuirtear an t-am a rinneadh iad san áireamh ar Fhoirm E1-SAP agus ar Fhoirm G1 faoi seach.
Ní bheidh feidhm ag dearbhú má chuirtear i gcrích é tar éis an rún um fhoirceannadh a rith.

☐ 8. Ba chóir an dearbhú a sheachadadh laistigh de 21 lá tar éis rún a rith faoi nós imeachta alt 207

☐ 9. Tá táille chlárúcháin €15 ag gabháil le Foirm E1-SAP

Tá na pointí go léir thuas tugtha ar aird agam agus tá an Fhoirm E1-SAP comhlánaithe dá réir.

Sínithe: ______________________________

☐ Deontóra ☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí ☐ Oifigeach reatha

Má táthar á seoladh tríd an bpost, cuir táille chlárúcháin €15 leis an bhFoirm E1-SAP agus seol an clúdach litreach chuig:
An Rannóg Sócmhainneachta, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. (Teil 01-804 5368/5358/5356/5232/5395/5348)

**N.B. Ní ghlacann an CRO aon fhreagracht as Dearbhuithe nach bhfuil feidhm leo arna gcomhdú.**

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# E1-SAP

***Dearbhú Sócmhainneachta faoi Nós Imeachta Formheasta Achomair ina bhfuil Tuarascáil agus Ráiteas Duine Neamhspleách***

Alt 207/208 Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Stampa dáta faighte CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm na cuideachta**
*ina iomláine*

| |
|---|
| |
| |

**Dearbhú**
*nóta a haon*

**Dearbhaím/Dearbhaímidne**

Ainm & seoladh

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

*nóta a dó*

gur ☐ gach ceann ☐ an chuid is mó na stiúrthóirí,

| |
|---|
| |
| |

mar seo a leanas

*nóta a trí*

Iomlán na sóchmhainní agus na nDliteanas:

| Lá | Mí | Bliain |
|---|---|---|
| | | |

*Is é*

| | |
|---|---|
| Iomlán na Sóchmhainní | |
| Iomlán na nDliteanas: | |

méid iomlán shócmhainní agus dliteanais na cuideachta ar an dáta ba dhéanaí a bhí sé indéanta roimh an dearbhú a dhéanamh, agus in aon chás ar dháta nach luaithe ná 3 mhí roimh an dearbhú a dhéanamh.

**Mionsonraí an deontóra**
*nóta a ceathair*

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

**Dearbhú** (ar aghaidh)

*nóta a cúig*

Dearbhaímidne, na stiúrthóirí, go sollúnta agus go fíreata go ndearnamar fiosrúchán iomlán faoi chúrsaí na cuideachta, agus, tar éis a dhéanta, gur thángamar ar an tuairim go mbeidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc go hiomlán laistigh de thréimhse ______ mhí ón tráth a thosófar an foirceannadh.

| **Dearbhú arna dhéanamh ag** *ainmneacha dealbhóirí i mbloclitreacha* | Siniú dealbhóirí *ainmneacha daoine fhoirm a chomhdú* |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

| | Lá | Mí | Bliain |
|---|---|---|---|
| **Dáta dearbhaite** | | | |

---

**Tuarascáil Duine Neamhsplach**

*nóta a sé agus a seacht*

### Cuid "B"

Tuarascáil an Duine Neamhsplach, Alt 208 Acht na gCuideachtaí 2014

Síniú: ____________________ Dáta: ____________________

## NÓTAÍ AR FHOIRM E1-SAP A CHOMHLÁNÚ

**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcónasc leis an reachtaíocht iomchuí.**

***Ginearálta***

Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú go ceart, go hiomlán agus de réir na nótaí seo a leanas. Caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú. Má mheastar nach leor an spás a chuirtear ar fáil ar Fhoirm E1-SAP, ba chóir an t-eolas a chur i láthair ar bhileog bhreise san fhormáid chéanna leis an alt ábhartha san fhoirm. Caithfear a chur in iúl san alt ábhartha go bhfuil bileog breise in úsáid agus caithfear sin a nótáil sa bhileog bhreise chomh maith.

***nóta a haon***

Ní mór ainmneacha agus seoltaí cónaithe gach stiúrthóra a bhfuil an dearbhú á mhionnú aige nó aici a chur isteach.

***nóta a dó***

Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin.
Sa chás ina bhfuil feidhm ag nós imeachta alt 207 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór an ráiteas sócmhainneachta a thaisceadh leis an gCláraitheoir laistigh de 21 lá ó chuirfear tús leis an bhfoirceannadh toilteanach ag comhaltaí.

***nóta a trí***

Ba cheart gurb é an dáta ar ráiteas na sócmhainní agus na ndliteanas iomlán an dáta praiticiúil is déanaí agus ní féidir leis a bheith níos mó ná trí mhí ón dáta ar a síneofar an Fhoirm E1-SAP

***nóta a ceathair***

Ní mór gurb é nó í an duine atá ag cur Foirm E1-SAP faoi bhráid an CRO a chomhlánóidh an chuid seo. D'fhéadfadh sé gurb é an t-iarratasóir nó duine éigean thar a cheann nó thar a ceann a bheadh i gceist.

***nóta a cúig***

Cuir isteach an tréimhse ama ina bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc. Ní féidir an tréimhse sin a bheith níos faide ná dhá mhí dhéag.

***nóta a sé***

Is ionann an duine neamhspleách agus iniúchóir na cuideachta nó duine atá cáilithe chun bheith ina iniúchóir ar an gcuideachta. Áirítear leis sin gnólacht iniúchóirí. Más mian leis an duine neamhspleách ráiteas éagsúil ar leathanach ar leithligh a dhréachtú, ba chóir é a mharcáil go soiléir mar chuid "B". Ba chóir Cuid "B" a shíniú agus dáta a bheith leis atá tar éis mhionnú an dearbhaithe. Ba chóir cuid "B" a chomhlánú roimh an rún um fhoirceannadh a rith.

***nóta a seacht***

Formáid na Tuarascála ón Duine Neamhspleách: Alt 207 Tuasascáil:

Ní bheidh feidhm ag dearbhú de bhun alt 207 den Acht 2014 chun críche an Acht 2014 ach amháin:

(i) go gabhann tuarascáil leis ina bhfuil, ar a laghad, faisnéis ábharthach i gcomhréir leis na ceannteidil mar atá leagtha amach thíos, agus
(ii) go bhfuil sé dréachtaithe ag duine atá cáilithe le ceapadh ag am na tuarascála, nó go leannann sé/sí, mar iniúchóir réachtúil na cuideachta.

Dírítear an tuarascáil ar an dearbhóir cuideachta agus beidh an fhaisnéis mar seo a leanas, ar a laghad, inti:

I. Alt túseolais ina sainaithnítear dearbhú an stiúrthóra agus aon doiciméad a ghabhann leis, a bhaineann leis an tuarascail;
II. Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí;
III. Ráiteas ar fhreagrachtaí iniúchóra réachtúil;
IV. Scop na hoibre a dhéanann an t-iniúchóir réachtúil;
V. Aon fhíoras ábhartha eile (más ann) ar a raibh an t-iniúchóir réachtúil ag brath chun barúil a thabhairt nach bhfuil an dearbhú míréasúnta;
VI. Barúil an iniúchóra réachtúil nach bhfuil an dearbhú de bhun alt 207 míréasúnta (cuir isteach alt tagartha don tuarascáil lena mbaineann); agus
VII. Dáta agus síniú an iniúchóra réachtúil atá, tar éis an tuarascáil a chur le chéile, den bharúil nach bhfuil an dearbhú de bhun 207 míréasúnta.

## Tuilleadh faisnéise

***Seoladh cónaithe***

Is é an seoladh cónaithe atá ag oifigeach cuideachta an gnáthsheoladh cónaithe atá aige nó aici mura mbeidh díolúine deonaithe faoi alt 150(11) d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus sa chás sin is é an seoladh atá le sonrú seoladh oifig chláraithe na cuideachta

***Seoladh CRO***

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

***Íocaíocht***

Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.